

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2020



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Buíochas

D'ainneoin na paindéime, d'éirigh le gach ceann de na Ranna Rialtais tuairisceán Chuid 5 a chur isteach ar na spriocdhátaí reachtúla nó roimh na dátaí sin.

Is mór ag an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) an méid suntasach tacaíochta agus comhair a fuaireamar ó Choistí Faireacháin na Ranna agus iad ag cur na sonraí sin isteach chomh pras sin sna himthosca reatha.

Is mian leis NDA buíochas a ghabháil freisin as na freagraí prasa agus an méid suntasach cabhrach a fuaireamar ó Choistí Faireacháin na Ranna agus ó chomhlachtaí poiblí i dtaca le haon cheisteanna a bhí againn maidir le sonraí le haghaidh tuairisceáin na Ranna don bhliain 2020.

Clár Ábhar

Achoimre Fheidhmeach	3
Forbhreathnú ar an anailís reatha	3
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	4
Tionchar phaindéim COVID-19.....	5
Tosca Maolaitheacha lena gcuirtear cosc ar chomhlachtaí poiblí an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh.....	6
Forbairtí Dearfacha.....	7
Athbhreithniú ar Chuid 5	9
I Réamhrá	13
1.1 An cúlra reachtach	13
1.2 An líon fostaithe faoi mhíchumas a chomhaireamh.....	13
1.3 Earcú daoine faoi mhíchumas a mhéadú.....	15
2. Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2020	16
2.1 Sáráíodh an íos-sprioc 3% don deichiú bliain as a chéile.....	16
2.2 Athruithe i gcomhlachtaí poiblí.....	17
2.3 Anailís de réir an chineáil comhlachta earnála poiblí	25
2.4 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí	29
3. Monatóireacht agus Comhlíonadh	33
3.1 Comhlíonadh an Achta - 2017 agus 2018	33
3.2 Comhlíonadh an Achta - 2018 agus 2019	35
3.3 Comhlíonadh an Achta - 2019 agus 2020	35
3.4 Freagracht as sonraí cruinne a sholáthar	35
3.5 Coistí Faireacháin	36
3.6 Earráidí – athruithe i sonraí.....	36
Aguisín A – Ranna Rialtais	37
Aguisín B – Comhlachtaí poiblí.....	41
Aguisín C – Rátaí freagartha don áireamh foirne 2020	69

Achoimre Fheidhmeach

Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil déag ón NDA ar fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Tá ról reachtúil ag NDA i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, ar ról é a eascraíonn as Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005.

Forbhreathnú ar an anailís reatha

Ag deireadh na bliana 2020, b'ionann an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí ábhartha earnála poiblí agus 245,190 fostaí. Is méadú 7,016 fhostaí (+3.0%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2019. Sa bhliain 2020, b'ionann an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas agus 7,637 bhfostaí (3.1%), ar méadú 318 bhfostaí (+4.4%) é i gcomparáid le figiúirí na bliana 2019. Sháraigh an earnáil phoiblí ar an iomlán an íos-sprioc 3% don deichiú bliain as a chéile. Sa bhliain 2020, rinne 182 chomhlacht phoiblí (84.7%) an íos-sprioc 3% a bhaint amach nó a shárú, i gcomparáid le 186 chomhlacht (86.1%) sa bhliain 2019. Sa bhliain 2020, níor shroich 33 chomhlacht phoiblí (15.3%) an íos-sprioc 3%, i gcomparáid le 30 comhlacht poiblí (13.9%) sa bhliain 2019. Sa bhliain 2020, ba chomhlachtaí poiblí beaga a raibh níos lú ná 30 fostaí acu iad 17 gcinn (52%) de na 33 chomhlacht phoiblí nár chomhlíon an íos-sprioc 3%. Dá dtuairisceodh gach ceann de na comhlachtaí poiblí sin fostaí amháin faoi mhíchumas, dhéanfaid siad an íos-sprioc 3% a shroicheadh nó a shárú.

Sa bhliain 2020, bhain ceithre cinn de na cúig chineál comhlachta phoiblí an íos-sprioc 3% amach (Comhlachtaí Tráchtála, Ranna Rialtais, Rialtas Áitiúil, agus Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar fhoireann dóibh). B'ionann an staid sin agus staid na bliana 2019.

Sa tuarascáil seo, catagóirítear comhlachtaí poiblí ina gceithre mhéid dhifriúla freisin:

- 0-99 fostaí
- 100-999 fostaí
- 1000-4,999 fostaí
- 5,000 fostaí nó níos mó.

Sa bhliain 2020, rinne trí cinn de na ceithre chatagóir méide an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh nó a shárú. B'ionann an figiúr sin agus figiúr na bliana 2019. Sa dá bhliain sin, níorbh ann ach do chomhlacht poiblí amháin, mar a bhí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), nár chomhlíon an íos-sprioc 3% sa chatagóir um chomhlachtaí poiblí a bhfuil 5,000 fostaí nó níos mó acu.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é FSS an comhlacht is mó san earnáil phoiblí. Sa bhliain 2020, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin méadú 4,397 bhfostaí ina líon fostaithe, ó 88,215 fhostaí sa bhliain 2019 go 92,612 fhostaí sa bhliain 2020. Chomh maith leis sin, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin méadú suntasach idir an bhliain 2019 agus an bhliain 2020 sa líon fostaithe (+50 fostaí), agus sa chéatadán d'fhostaithe (+0.1%), a thuairiscigh míchumas. Sa bhliain 2019, thuairiscigh 464 fhostaí (0.5%) míchumas. Sa bhliain 2020, tháinig méadú ar an bhfigiúr sin go 514 fhostaí (0.6%).

I dTábla 1 thíos, leagtar béim ar an tionchar a bhí ag FSS – atá ar an bhfostóir is mó san earnáil phoiblí – ar an gcéatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas san earnáil phoiblí sa bhliain 2020.

Tábla 1. An céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas sa bhliain 2020, trí Shonraí FSS a áireamh agus gan Sonraí FSS a áireamh

Bliain	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas
2020 (sonraí FSS a áireamh)	245,190	7,637	3.1%
2020 (gan sonraí FSS a áireamh)	152,578	7,123	4.7%

Dá mba rud é nach gcuirfí sonraí FSS ar áireamh i dtuairisceáin na bliana 2020, bheadh an céatadán tuairiscithe de dhaoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí 51.6% níos airde ná a bheadh sé dá gcuirfí sonraí FSS ar áireamh.

Taispeántar i dTábla 2 gurb amhlaidh, má chuirimid feidhmíocht fhoriomlán na hearnála poiblí ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2020 i gcomparáid, agus sonraí FSS don dá bhliain sin á gcur as an áireamh, gur tháinig méadú 2,619 bhfostaí (+1.8%) ar an líon iomlán fostaithe earnála poiblí do na comhlachtaí uile. Tháinig méadú 268 bhfostaí (+3.9%) ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus tháinig méadú beag 0.1% freisin ar an gcéatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas.

Tábla 2. Feidhmíocht fhoriomlán na hearnála poiblí ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2020, gan sonraí FSS a áireamh

	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas
2020 (gan sonraí FSS a áireamh)	152,578	7,123	4.7%
2019 (gan sonraí FSS a áireamh)	149,959	6,855	4.6%
Athrú	+2,619 (+1.8%).	+268 (+3.9%)	+0.1%

Idirchaidreamh NDA le FSS

Tá NDA ag cur comhairle ar FSS arís is arís eile maidir le bearta a d'fhéadfadh sé a chur chun feidhme chun forbairt a dhéanamh ar phróisis bhailithe sonraí ar féidir leo a léiriú go cruinn cén tionchar atá ag na bearta atá á ndéanamh ag FSS chun timpeallacht chuimsitheach oibre a chruthú, ar timpeallacht í ina measann fostaithe go bhfaigheann siad a stádas míchumais á roinnt acu agus ina ndéantar earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh freisin.

I mí an Mheithimh 2020, thionscain NDA próiseas straitéiseach idirchaidrimh le foireann ainmnithe a ceapadh in FSS chun díriú ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht an chomhlachta phoiblí sin Cuid 5, agus tá sé ag glacadh páirt sa phróiseas sin ón uair sin i leith. Leanann NDA ar aghaidh ag bualadh leis an bhfoireann sin ar bhonn rialta chun cabhrú le FSS leas a bhaint as an bhfoghlaím ón bpróiseas marthanach idirchaidrimh sin. Tugann NDA dá aire go ndearnadh roinnt dul chun cinn go dtí seo. Táthar dóchasach go gcuirfidh FSS feabhas ar a fheidhmíocht faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, agus leas á bhaint aige as tacaíocht leantach ón NDA.

Tionchar phaindéim COVID-19

Le tacaíocht ón NDA, chomhlíon comhlachtaí poiblí na hoibleagáidí reachtúla atá orthu tuairisceán Chuid 5 don bhliain 2020 a chur faoi bhráid Choiste Faireacháin a Roinne faoi seach, d'ainneoin paindéim COVID-19 a bheith ann. Faoi alt 48(2) den Acht um Míchumas 2020, ní mór do chomhlachtaí poiblí sonraí faoi fhostaithe, agus sonraí faoi fhostaithe faoi mhíchumas go háirithe, a bhailiú agus a chur isteach **ar bhonn bliantúil**:

“Faoi réir fho-alt (7), déanfaidh comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil i scríbhinn a tharraingt suas maidir leis an dóigh ar chomhlíon sé an Chuid seo le linn **na bliana roimhe sin** agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an choiste faireacháin ábhartha.”

Thuairiscigh roinnt bheag comhlachtaí poiblí go raibh roinnt deacrachtaí acu sonraí a bhailiú de bharr na paindéime agus go ndearna sé sin difear dá gcumas chun an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh.

Thuairiscigh dornán comhlachtaí poiblí freisin gurbh é an toradh a bhí ar an bpaindéim go raibh orthu scor dá n-oibríocht agus thuairiscigh siad gur chruthaigh sé sin laghdú suntasach sa líon fostaithe. Sa bhliain 2019, thuairiscigh Rásaíocht Con Éireann, ar tugadh Bord na gCon air roimhe sin, go raibh 690 fostaí aige agus gur thuairiscigh 56 dhuine (8.1%) dá fhostaithe míchumas. Sa bhliain 2020, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin go raibh air scor d'oibríochtaí rásaíochta de bharr na paindéime. Sa bhliain 2020, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin go raibh 162 fostaí san iomlán aige. B'ionann é sin agus laghdú 528 bhfostaí laistigh de bhliain amháin. D'ainneoin an laghdaithe sa líon fostaithe, áfach, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin fós sa bhliain 2020 gur thuairiscigh 19 nduine (11.7%) dá fhostaithe míchumas.

D'ainneoin an laghdaithe shuntasaigh sa líon iomlán fostaithe, bhí an comhlacht poiblí sin dírithe fós sa bhliain 2020 ar bhearta a chur chun feidhme chun earcú daoine faoi mhíchumas sa todhchaí a mhéadú. Áirítear le roinnt de na bearta sin ceangal a chruthú le hoifig infhostaitheachta i Luimneach chun daoine faoi mhíchumas a earcú.

Tosca Maolaitheacha lena gcuirtear cosc ar chomhlachtaí poiblí an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh

Thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí in 2020 gur thuairiscigh siad laghdú ar líon agus céatadán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas don bhliain seo de bharr méadú ar líon na bhfostaithe faoi mhíchumas a chuaigh ar scor ón bhfórsa saothair. Thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí freisin dúshlán leanúnacha maidir le bailiú sonraí go cruinn, i gcásanna áirithe mar gheall ar drogall stádas míchumais a roinnt ar thaobh na bhfostaithe.

Leanann NDA ag obair go dlúth le comhlachtaí poiblí agus ag tabhairt comhairle dóibh maidir le bearta is féidir leo a chur i bhfeidhm chun timpeallachtaí oibre Cothromacha Éagsúla agus Uilechuimsitheacha (EDI) a chruthú a dhíríonn ar earcaíocht agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus ceann ina mbraitheann fostaithe go bhfuil tacaíocht acu lena stádas míchumas a roinnt.

Buaileann NDA go minic leis na Rannóga Acmhainní Daonna agus/nó leis na Foirne Ardbhainistíochta de chuid comhlachtaí poiblí atá ag déileáil le deacrachtaí maidir leis an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh chun cabhrú leis na comhlachtaí poiblí sin dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhartha a chabhróidh leo a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 a chomhlíonadh.

Faoin **Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024** agus i **gClár an Rialtais 2020**, ghabh an Rialtas air féin an íos-sprioc reachtúil maidir le fostú daoine faoi mhíchumas a mhéadú ó 3% ar a laghad go 6% ar a laghad faoin mbliain 2024. Is dócha go n-achtófar reachtaíocht atá dírithe ar an méadú seo a chur ar bhonn foirmiúil roimh dheireadh na bliana 2022.

Sa bhliain 2020, thuairiscigh 61 chomhlacht poiblí (28.4%) gur thuairiscigh breis agus 6% dá bhfostaithe míchumas. Is méadú beag é sin i gcomparáid leis an mbliain 2019, inar thuairiscigh 48 gcomhlacht poiblí (22.2%) gur thuairiscigh breis agus 6% dá bhfostaithe míchumas. Tá NDA tiomanta fós do chomhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir le bearta is féidir leo a chur chun feidhme chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh agus chun dul i dtreo a chinntiú gur daoine faoi mhíchumas a bheidh i 6% ar a laghad dá bhfostaithe. Mar sin féin, tugann NDA dá aire gurb amhlaidh, mura ndíríonn an earnáil poiblí ina hiomláine ar a feidhmíocht faoi Chuid 5 a fheabhsú, gur dóigh nach sroichfidh an earnáil an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 6% faoin mbliain 2024. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndíreodh an earnáil poiblí ar thimpeallachtaí cothroma cuimsitheacha éagsúla oibre a chruthú, ar timpeallachtaí iad a chabhróidh leo earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, beidh comhlachtaí poiblí in ann freisin comhlíonadh a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá orthu earnáil poiblí atá cothrom, cuimsitheach agus éagsúil a chruthú, mar atá mionsonraithe faoi **Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine** agus faoi **chreat beartais Ár Seirbhís Phoiblí 2020**.

Forbairtí Dearfacha

Feabhsuithe san fheidhmíocht

Sa bhliain 2020, tá áthas ar an NDA a thabhairt dá aire gur lean roinnt comhlachtaí poiblí le dul chun cinn a thaispeáint ar thimpeallachtaí cothroma cuimsitheacha éagsúla oibre a chruthú ina ndéantar earcú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh, agus na freagraí atáthar ag fáil ó fhostaithe faoi mhíchumas á méadú ag an am céanna. Is samplaí de chomhlachtaí poiblí chuige sin iad Ospidéal San Séamas agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

**Tábla 3 Feidhmíocht Ospidéal San Séamas agus Ollscoil
Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sna blianta 2019 agus 2020.**

Comhlacht Poiblí	An líon iomlán fostaithe 2019	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas 2019	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas 2019	An líon iomlán fostaithe 2020	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas 2020	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas 2020	Athrú sa líon fostaithe, agus sa % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas
Ospidéal San Séamas	4,327	163	3.8	4,734	366	7.7	+203 (+3.9%)
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	3,123	130	4.2	3,079	251	8.2	+121 (+4%)

In Ospidéal San Séamas, d'éascaigh an struchtúr Comhairleora Acmhainní Daonna cumarsáid éifeachtach idir Sláinte Cheirde, an lucht bainistíochta áitiúil agus an Rannóg Acmhainní Daonna. Cabhraigh an díriú sin ar chumarsáidí eagraíochta a fheabhsú le feachtas a mhéadú ar shaincheistanna míchumais ar fud na heagraíochta agus ar phróiseas Chuid 5. Chabhraigh an cur chuige sin leis an gcomhlacht poiblí freisin an líon freagraí a fuair sé ó fhostaithe faoi mhíchumas a mhéadú.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn Ospidéal San Séamas roinnt tionscnamh oiliúna d'fhostaithe chun cur leis an bhfeachtas agus an tuiscint atá acu ar dhaoine faoi mhíchumas. Tugann an comhlacht poiblí sin deis do bhainisteoirí/mhaoirseoirí páirt a ghlacadh i gclár gearr oiliúna darb ainm 'Daoine a Bhainistiú'. Is iad speisialtóirí i gCaidreamh Fostaithe a sholáthraíonn an clár sin. Leis an gclár sin, tugtar faisnéis do bhainisteoirí faoi conas gach fostaí a bhainistiú, lena n-áirítear fostaithe faoi mhíchumas. Toradh eile atá air is ea go méadaítear feachtas na mbainisteoirí ar na hoibleagáidí atá orthu socruithe réasúnacha a chur ar fáil d'fhostaithe le linn na bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin agus ar an dea-chleachtas maidir leis na socruithe réasúnacha a chur ar fáil d'fhostaithe nua agus reatha. Tá roinnt beart réamhghníomhach earcaíochta i bhfeidhm ag an gcomhlacht poiblí sin chun earcú daoine faoi mhíchumas a mhéadú, lena n-áirítear a chinntiú go gcuirfí oiliúint ar phainéil agallaimh i bhfeachtas ar mhíchumas.

Sa bhliain 2020, rinne Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar a beartas earcaíochta ar mhaithe le hearcú daoine faoi mhíchumas a mhéadú. Chomh maith leis sin, rinne an comhlacht poiblí sin athbhreithniú ar a phróis bhailithe sonraí agus faireacháin chun comhairle a chur ar fáil maidir le forbairt

beartais sa todhchaí ó thaobh an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe de agus chun tagarmharcáil in aghaidh na hearnála sa todhchaí a éascú.

Bhunaigh an Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath Líonra Cumais a bhreithníonn saincheistean maidir le tacú le fostú daoine faoi mhíchumas. Tagann an Líonra sin le chéile 5-6 huaire sa bhliain, agus tá sé comhdhéanta de bhaill foirne ar gach leibhéal in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas. Tugann an Líonra moltaí maidir le beartais agus tionscnaimh chleachtais i dtaca le mic léinn agus baill foirne faoi mhíchumas. Ina theannta sin, seolann an Líonra ócáidí a bhaineann le saincheistean míchumais, ar ócáidí iad ar féidir le gach duine san Ollscoil páirt a ghlacadh iontu.

Thaispeáin na comhlachtaí poiblí sin gur toisc thábhachtach taobh thiar de rátaí freagartha bliantúla a fheabhsú í cruthú agus cothabháil a dhéanamh ar thimpeallacht chothrom chuimsitheach éagsúil oibre ina ndéantar earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh. Má mheasann daoine go bhfaigheann siad tacaíocht le linn dóibh a stádas míchumais á roinnt agus go bhfuil siad ar a gcompord le linn dóibh déanamh amhlaidh, tá seans ann go mbeidh sé níos dóchúla go dtabharfaidh siad freagra ar áireamh bliantúil foirne nó ar shuirbhé bliantúil foirne.

Fáiltíonn an NDA roimh na forbairtí dearfacha sin agus roimh thiomantas leantach na gcomhlachtaí poiblí do na hoibleagáidí atá orthu faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 a chomhlíonadh. Leanann an NDA le comhairle agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí poiblí chuige sin.

Athbhreithniú ar Chuid 5

Sa bhliain 2019, choimisiúnaigh an NDA conraitheoir chun Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005. Bhí sé mar chuspóir leis an Athbhreithniú sin treorú a dhéanamh ar fhorbairt agus cur chun feidhme an phróisis ar leith a d'fhéadfadh cabhrú leis na nithe seo a dhéanamh:

- Saibhriú a dhéanamh ar na sonraí agus an fhoghlaim inaistrithe a thagann chun cinn maidir le príomhghnéithe in eagraíochtaí a dhéanann cruthú agus cothabháil ar thimpeallachtaí cuimsitheacha oibre ina ndéantar earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus ina bhfuil fostaithe faoi mhíchumas ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a roinnt
- Feabhsú leanúnach ar fud na hearnála poiblí a threorú a oiread agus is féidir le linn na timpeallachtaí cuimsitheacha oibre sin a chruthú agus a chothabháil
- Deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú a oiread agus is féidir

- Sainaithint a dhéanamh ar bhearta sonracha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun cabhrú le comhlachtaí poiblí an dóigh a gcomhlíonann siad an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 3% a fheabhsú agus bogadh i dtreo an íos-sprioc 6% a bhaint amach faoin mbliain 2024
- Próiseas a bheidh níos áisiúla don úsáideoir, níos cuíchóirithe, níos éifeachtúla agus níos sodhéanta ar an iomlán a threorú lena bhainistiú ag an NDA.

Maidir leis na fionnachtana taighde a forbraíodh mar chuid den Athbhreithniú, déanfar iad a fhoilsiú agus a sheoladh sa chéad ráithe den bhliain 2022, mar aon le páipéar ina leagfar moltaí amach le haghaidh na gcéad chéimeanna eile i bhfeabhas a chur ar phróiseas Chuid 5 mar phríomhthoisic taobh thiar den chlár oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san earnáil phoiblí. Cuirfear na moltaí sin chun feidhme sna trí bliana romhainn.

Idir mí Feabhra agus mí an Mheithimh 2021, d'óstáil an NDA roinnt seimineár ar líne do Choistí Faireacháin na Ranna, don Líonra Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus do chomhlachtaí poiblí chun eolas a thabhairt dóibh agus chun cabhrú leo cur chun feidhme a dhéanamh ar roinnt moltaí ón Athbhreithniú ar Chuid 5 le linn dóibh sonraí a bhailiú agus a chur isteach le haghaidh thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2020 agus le linn dóibh tuairisceáin a chur isteach sa todhchaí. Áiríodh na nithe seo le roinnt de na príomh-mholtaí sin:

- Sonraí a bhailiú gan ainm a chur leo, i.e. ní gá d'fhostaithe a n-ainm a shíniú ar fhoirmeacha, etc., rud a d'fhéadfadh cabhrú le fostaithe bheith ar a gcompond le linn dóibh a stádas míchumais a roinnt
- Faisnéis a thabhairt faoi na bearta a bhí i bhfeidhm acu nó a bhí á gcur chun feidhme acu chun timpeallachtaí cothroma éagsúla cuimsitheacha a chruthú agus chun an clár oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san earnáil phoiblí a bhrú chun cinn
- Faisnéis a thabhairt maidir leis na bearta a bhí i bhfeidhm acu chun a chinntiú go ndearfaí go huilíoch seirbhísí, táirgí, próisis soláthair, cumarsáidí (scríofa, labhartha, digiteacha agus sínithe), an timpeallacht thógtha agus spásanna poiblí agus, dá bhrí sin, go mbeadh siad éasca le rochtain, le tuiscint agus le húsáid do gach duine, beag beann ar aois, ar mhéid, ar chumas nó ar mhíchumas
- A shonrú i dtuairisceáin Chuid 5 uathu don bhliain 2020 gur chuir siad in iúl dá bhfostaithe, lena n-áirítear fostaithe faoi mhíchumas, cén fáth a raibh a sonraí a mbailiú le haghaidh Chuid 5 agus conas a bheadh na sonraí sin á n-úsáid agus gur thug siad a dtailiú lena sonraí gan ainm a úsáid i dtuairisceán bliantúil Chuid 5.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe sin, lean NDA le soiléiriú a thabhairt ar conas a fhéadfaidh fostaithe an sainmhíniú ar mhíchumas a chur i bhfeidhm faoin Acht um Míchumas 2005, atá mar a leanas:

“srianadh substaintiúil ar chumas an duine chun gairm, gnó nó slí bheatha a sheoladh sa Stát nó chun páirt a ghlacadh sa saol sóisialta nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar lagú fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta seasmhach”

Thug NDA le fios go raibh sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar an téarma “srianadh substaintiúil”, i dtéarmaí na mbacainní atá ann e.g.

- Cumarsáidí scríofa, labhartha agus digiteacha do-aimsithe (láithreáin ghréasáin, aipeanna soghluaiste) a d’fhéadfadh cosc a chur ar dhaoine faoi mhíchumas teacht ar fhógraí poist agus iarratas a dhéanamh ar phoist, rochtain a fháil ar fhaisnéis taistil srl
- Easpa rochtana ar sheirbhísí iompair phoiblí a théann i bhfeidhm ar dhaoine faoi mhíchumas ag teacht chuig agus óna n-ionad oibre, scoileanna, coláistí, ollscoileanna, imeachtaí sóisialta agus coinní míochaine
- Spásanna poiblí do-aimsithe a choisceann daoine faoi mhíchumas ó bheith in ann rochtain a fháil ar fhoirgnimh

Féadann na srianta suntasacha seo cosc a chur ar dhaoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar dheiseanna fostaíochta agus iad a choinneáil agus páirt a ghlacadh sa tsochaí phríomhshrutha.

Díríonn Airteagal 2 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar Sainmhínte. Faoi Airteagal seo, ciallaíonn idirdhealú ar bhonn míchumais aon idirdhealú, eisiamh nó srian ar bhonn míchumais a bhfuil sé de chuspóir nó d’éifeacht aige aitheantas, taitneamh nó cleachtadh, ar bhonn comhionann le daoine eile, a cheartú nó a chur ar neamhní. agus saoirsí bunúsacha sa réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, sibhialta nó aon réimse eile. Cuimsíonn sé gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear cóiríocht réasúnach a dhiúltú.

Díríonn Airteagal 4 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar Oibleagáidí Ginearálta. Deirtear san Airteagal seo nár cheart go mbeadh aon srianta ar chearta daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí príomhshrutha agus páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Is í an ghné lárnach de chomhairle agus treoirlíne NDA maidir le timpeallachtaí oibre EDI a chruthú a chuireann chun cinn agus a thacaíonn le hearcú agus coinneáil méadaithe daoine faoi mhíchumas agus a thacaíonn le fostaithe a bheith compordach ag roinnt a stádas míchumais, bealaí a shainaithint chun na srianta seo ar rochtain ar fhostaíocht a bhaint agus seirbhísí poiblí príomhshrutha eile, mar a shonraítear faoi Airteagail 2 agus 4 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe.

Soláthraíonn comhairle agus treoir NDA bearta réamhghníomhacha praiticiúla do chomhlachtaí poiblí chun cabhrú le comhlachtaí poiblí seirbhísí poiblí inrochtana a sholáthar, de réir a n-oibleagáidí faoi Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe.

1 Réamhrá

1.1 An cúla reachtach

I gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005, tugtar ról reachtúil don NDA i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Leagtar amach inti freisin na hoibleagáidí tuairiscithe agus faireacháin atá ar chomhlachtaí poiblí agus ranna rialtais ó thaobh fostaíochta de.

Mar achoimre, is iad seo na hoibleagáidí atá mionsonraithe san Acht:

- A mhéid is féidir, déanfaidh comhlachtaí poiblí gach beart réasúnach chun fostú daoine faoi mhíchumas acu a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin (alt 47.1a)
- Cinnteoidh comhlachtaí poiblí go mbainfidh siad aon spriocanna forordaithe comhlíonta amach, ach amháin i gcás go mbeidh dea-chúis ann le gan an méid sin a dhéanamh (alt 47.2)
- Bunóidh Airí Coiste Faireacháin ina Roinn féin (alt 48.1)
- Cuirfidh comhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh faoi bhráid Choiste Faireacháin a Roinne faoin 31 Márta gach bliain (alt 48.2)
- Cuirfidh an Coiste Faireacháin tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Údaráis faoin 30 Meitheamh gach bliain (alt 48.5d)
- I gcás go n-iarrfaidh Aire nó NDA tuilleadh faisnéise faoi chomhlíonadh, soláthróidh comhlacht poiblí an fhaisnéis sin laistigh de thréimhse trí mhí (alt 49.1)
- I gcás go mbeidh NDA den tuairim nach bhfuil comhlacht poiblí comhlíontach tar éis don chomhlacht mainneachtain comhlíonadh ar feadh dhá bhliain as a chéile, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfaidh an comhlacht poiblí ‘bearta sonracha’ chun comhlíonadh a bhaint amach.

1.2 An líon fostaithe faoi mhíchumas a chomhaireamh

Mar atá luaite cheana féin, luaitear in alt 48(2) den Acht um Míchumas 2005 nach mór do chomhlachtaí poiblí sonraí a bhailiú faoi fhostaithe, agus go háirithe fostaithe faoi mhíchumas, **ar bhonn bliantúil**.

“Faoi réir fho-alt (7), déanfaidh comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil i scríbhinn a tharraingt suas maidir leis an dóigh ar chomhlíon sé an Chuid seo le linn **na bliana roimhe sin** agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an choiste faireacháin ábhartha.”

Cé nach leagtar amach san Acht aon mhodhanna ar leith le haghaidh fostaithe faoi mhíchumas a chomhaireamh nó a shainaithint, chuir NDA comhlachtaí poiblí ar an eolas roimhe seo faoi mhodhanna éagsúla a fhéadfar a úsáid chun sonraí a bhailiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Tá gach comhlacht poiblí freagrach as roghnú a dhéanamh ar an modh cuí le haghaidh an líon fostaithe faoi mhíchumas ina n-eagraíocht a chomhaireamh gach bliain. Mhol NDA do chomhlachtaí poiblí cineálacha comhsheasmhacha cur chuige a chothabháil le himeacht ama nuair is féidir, ar mhaithe le móréagsúlachtaí a sheachaint sna sonraí tuairiscithe. Mar sin féin, glacann NDA leis gur féidir nach mbeidh sé sin indéanta nó cuí i gcónaí nuair a bheifear ag iarraidh feabhas a chur ar chruinneas na dtuairisceán.

Beart tábhachtach maidir le fostaithe faoi mhíchumas a shainaithint is ea áireamh a dhéanamh ar gach fostaí, áit a dtugtar cuireadh do gach fostaí a chur in iúl cé acu atá nó nach bhfuil míchumas orthu. Léirítear sna tuairisceáin ó chomhlachtaí poiblí go bhfuil éagsúlacht leathan ann sna rátaí freagartha áirimh i measc fostaithe. Tá sé dúshlánach timpeallacht a chruthú ina bhfuil fostaithe ar a gcompord a stádas míchumais a nochtadh. Bunaithe ar ár dtaithí féin, baintear na torthaí is fearr amach:

- Nuair a ghabhann leis an áireamh clár leathan cumarsáide maidir leis na cúiseanna leis an áireamh, maidir le slándáil na faisnéise a sholáthrófar mar chuid den áireamh agus maidir leis na tairbhí a bhainfidh fostaithe agus an eagraíocht ina hiomláine as an áireamh. Is fiú comhpháirtíocht a bhunú le ceardchumann agus le geallsealbhóirí eile ina leith sin freisin
- Nuair a chruthaíonn an fostóir cultúr agus timpeallacht ina bhfuil an fostaí ar a chompord a dhearbhuí nach n-imreoidh an míchumas atá air/uirthi aon tionchar diúltach ar a fhostaíocht.

Ní bhíonn sé riachtanach i ngach cás áireamh iomlán a dhéanamh gach bliain. Déanfaidh comhlachtaí poiblí áirithe áireamh ar bhonn tréimhsiúil agus bainfidh siad úsáid as na taifid acmhainní daonna de chuid ball foirne a chuaigh isteach sa chomhlacht nó a d'fhág an comhlacht nó as iarrataí ar shocruithe réasúnacha chun sainaithint a dhéanamh gach bliain ar athruithe san idirthréimhse, agus bearta cuí cosanta sonraí i bhfeidhm acu. I gcás nach ndearnadh áireamh le roinnt blianta, is féidir gur fiú ceann a sheoladh chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le fostú daoine faoi mhíchumas. Is féidir áireamh a úsáid chun feabhas a chur ar an timpeallacht nocht freisin. Is cuma cén modh bailithe sonraí a úsáideann comhlacht poiblí, sonraítear sa reachtaíocht gur cheart faisnéis a thabhairt cothrom le dáta agus a chur faoi bhráid an Údaráis ar bhonn bliantúil.

Chuir NDA in iúl freisin go bhfuil sé riachtanach go gcuirfí fostaithe ar an eolas faoi cén fáth a bhfuil a sonraí á mbailiú agus faoin gcuspóir ar lena aghaidh atá a

sonraí á n-úsáid. Chomh maith leis sin, ní mór cead a fháil ó fhostaithe faoi mhíchumas chun a sonraí a úsáid gach bliain.

1.3 Earcú daoine faoi mhíchumas a mhéadú

Faoi **Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015 – 2024**, ghabh an Rialtas air féin an sprioc reachtúil fostaíochta a mhéadú de réir a chéile chun gur daoine faoi mhíchumas a bheidh i 6% ar a laghad d'fhostaithe san earnáil phoiblí faoin mbliain 2024. Tuigeann NDA go n-achtófar an gealltanais sin trí reachtaíocht ag deireadh na bliana 2021. Gealltanais eile faoi **Chlár an Rialtais 2020** is ea an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a mhéadú go 6%.

Chuir NDA in iúl do chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile gur íos-sprioc comhlíonta é an figiúr 3% agus go bhfuil sé tábhachtach go ndíreodh siad ar an sprioc sin a shárú agus ar bhogadh i dtreo an íos-sprioc 6% a bhaint amach faoin mbliain 2024. Sa bhliain 2020, thuairiscigh 182 chomhlacht poiblí (84.7%) gur bhain siad comhlíonadh amach. Sa bhliain 2020, thuairiscigh 61 chomhlacht poiblí (28.4%) gur thuairiscigh breis agus 6% dá bhfostaithe míchumas. Is méadú beag é sin i gcomparáid leis an mbliain 2019, inar thuairiscigh 48 gcomhlacht poiblí (22.2%) gur thuairiscigh breis agus 6% dá bhfostaithe míchumas.

Cuirimid in iúl go láidir freisin gur cheart do chomhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag obair ar son cruthú agus cothabháil a dhéanamh ar thimpeallacht chothrom chuimsitheach éagsúil oibre ina ndéantar earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus ina measann fostaithe go bhfaigheann siad tacaíocht le linn dóibh a stádas míchumais a roinnt agus go bhfuil siad ar a gcompord le linn dóibh déanamh amhlaidh. Leis an Acht um Míchumas 2005, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh go gníomhach. Dá bhrí sin, déanann NDA breithniú ar na gníomhartha a dhéanann comhlachtaí poiblí ina leith sin, mar aon leis na tuarascálacha staidrimh a chuirtear i láthair. Ceanglaímid ar chomhlachtaí poiblí, dá bhrí sin, na gníomhartha atá á ndéanamh acu ina leith sin a thaispeáint mar chuid dá dtuairisciú.

2. Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2020

2.1 Sáraíodh an íos-sprioc 3% don deichiú bliain as a chéile

Sháraigh an céatadán d'fhostaithe a dhearbhaigh míchumas sa tseirbhís phoiblí an íos-sprioc 3% don deichiú bliain as a chéile (féach Tábla 4), agus an leibhéal don bhliain 2020 á dheimhniú a bheith cothrom le 3.1%.

Idir na blianta 2007 agus 2013, tháinig laghdú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí. Bhí luaineacht ann sa líon iomlán fostaithe a thuairiscigh míchumas thar an tréimhse chéanna. Tháinig méadú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí ón mbliain 2014 i leith. Ag deireadh na bliana 2020, b'ionann an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí ábhartha earnála poiblí agus 245,190 fostaí. Is méadú 7,016 fhostaí (+3.0%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2019.

Tháinig méadú ó bhliain go bliain ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2017 ar an líon iomlán fostaithe a thuairiscigh míchumas. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr sin sna blianta 2018 agus 2019, áfach. Tá áthas ar NDA a thabhairt dá aire gur tháinig méadú 318 bhfostaí (4.4%) ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas sa bhliain 2020 i gcomparáid le figiúirí na bliana 2019, agus é ag ardú go 7,637 bhfostaí. Mar gheall ar an méadú foriomlán sa líon fostaithe san earnáil phoiblí, áfach, tá an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas san earnáil phoiblí cothrom le 3.1% go fóill. Is é sin an céatadán céanna a bhí i réim sa bhliain 2019.

Tábla 4. Dul chun cinn i dtreo an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh, 2007-2020

Bliain	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas
2007	238,833	5,879	2.5%
2008	229,000	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
2011	205,068	6,171	3.0%
2012	197,588	6,611	3.3%
2013	192,576	6,464	3.4%
2014	195,278	6,771	3.5%
2015	201,341	7,245	3.6%
2016	213,991	7,457	3.5%

Bliain	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas
2017	225,809	7,796	3.5%
2018	231,784	7,584	3.3%
2019	238,174	7,319	3.1%
2020	245,190	7,637	3.1%

2.2 Athruithe i gcomhlachtaí poiblí

Bhí olltoghchán ann in Éirinn sa bhliain 2020. Bhí na hathruithe seo a leanas ar an toradh air:

- Athraíodh ainm roinnt Ranna Rialtais
- Cruthaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta, Taighde & Eolaíochta. Thuairiscigh na hInstitiúidí Teicneolaíochta, Leargas, an tÚdarás um Cháilíochtaí Cáilíochta, Solas agus comhlachtaí poiblí eile a thuairiscigh faoin iar Roinn Oideachais agus Scileanna in 2019 faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais in 2020¹
- Athchumraíodh roinnt Ranna Rialtais, amhail an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán. Áirítear leis an Roinn Rialtais nuachumraithe sin comhlachtaí poiblí a bhí faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta sa bhliain 2019 agus comhlachtaí poiblí breise amhail Udaras Craolacháin na hÉireann, Fáilte Éireann, Spórt Éireann, Raidió Teilifís Éireann (RTÉ), TG4 agus Turasóireacht Éireann, a thuairiscigh faoi Ranna difriúla Rialtais sa bhliain 2019.
- Aistríodh roinnt comhlachtaí poiblí eile chuig Roinn eile Rialtais sa bhliain 2020 freisin.

Ar mhaithe le soiléire, tugtar mionsonraí i dTábla 5 faoi na hathruithe i Ranna Rialtais sa bhliain 2020 agus tugtar faisnéis ann maidir leis na Ranna Rialtais ar athraíodh a n-ainm agus, nuair is ábhartha, tugtar faisnéis ann maidir leis an líon

¹ Cuireann Ranna Rialtais tuarascálacha bliantúla Chuid 5 faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe ar an líon ball foirne státseirbhíse a fhostaíonn na Ranna Rialtais sin amháin. **Ní ghabhtar sna tuarascálacha sin an líon ball foirne a fhostaítear i gcomhlachtaí poiblí faoi na Ranna Rialtais sin.** Gabhtar na sonraí sin in Aguisín A a ghabhann leis an tuarascáil seo. Sa chomhthéacs sin, chuir an Roinn Oideachais & Scileanna agus an Roinn Breisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta tuarascálacha leithleacha faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí sa bhliain 2020.

comhlachtaí poiblí a aistríodh chuig Roinn eile Rialtais. Tagraítear don fhaisnéis sin freisin in Aguisíní A agus B a ghabhann leis an tuarascáil seo.

I dTábla 6, tugtar mionsonraí faoi na comhlachtaí poiblí a aistríodh chuig Roinn eile Rialtais sa bhliain 2020, mar aon le sonraí na gcomhlachtaí poiblí sin, do na blianta 2019 agus 2020. Tagraítear do na hathruithe sin freisin in Aguisín B a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tábla 5 Athruithe i Ranna Rialtais sa bhliain 2020

Ranna Rialtais sa bhliain 2019	Athruithe i Ranna Rialtais sa bhliain 2020
